RTÉ Home School Hub

Dé Máirt
16ú Márta



Rang 3 & Rang 4
**OSIE**

# Aisteoireacht

**SOILSE! CEAMARA! AICSEAN!**

Bhí rang aisteoireachta againn le Múinteoir John inniu!


Creideann go leor daoine go dtagann an aisteoireacht chugat go nádúrtha, gur féidir le haisteoirí ligean orthu gur daoine eile iad bonn láithreach, ach tá sé i bhfad níos deacra ná sin. Ní mór don aisteoir ligean don gcarachtar dul i bhfeidhm air nó uirthi.

Is ionann sin agus machnamh a dhéanamh ar an gcarachtar, cad é a spreagann iad, agus cad é atá uathu.



# Cluiche: “Ná Suí Ansin!”

**Imreoimis cluiche a chuideoidh le do scileanna aisteoireachta.** “Ná suí ansin!” an t-ainm atá air agus níl uait ach cathaoir agus do shamhlaíocht.




**Ar dtús báire piocfaimid carachtar agus mothúchán. Má shuíonn tú ar an gcathaoir, is tusa an carachtar sin! Mar shampla, deir Múinteoir John: “Ná suí ansin nó is tusa an feirmeoir cantalach!”**

Dá bhrí sin má shuíonn tú ansin ní mór duit ligean ort gur feirmeoir cantalach thú.

Más feirmeoir cantalach thú, beidh ort ceist a chur ort féin “Cad chuige mo chantal? B’fhéidir go bhfuil mé cantalach toisc nach bhfuil aon uibheacha ag na cearca agus tá ocras orm!”

# Cluiche: “Ná Suí Ansin!”

**Anois bain triail as an gcluiche le carachtair eile:**

1. Réalta raccheoil le lámh de shíor in airde!

2. Eolaí Olc le hoideas draíochta!

3. Sárlaoch a shocraíonn leithris bhriste!

4. Freastalaí galánta a dhéanann botúin i gcónaí

5. Lochlannach eaglach!

6. Múineoir a scaoil breim!











# Dathú Isteach

**Tá Lá 'le Pádraig, an 17 Márta, beagnach linn, bímis spreagtha ag Leabhar Cheannanais.**

Tá cáil ar an leabhar seo mar gheall ar na pictiúir áille dá bhfuil ann ina bhfuil patrúin chasta agus dathanna geala. Manaigh san 8ú haois a rinne an leabhar iontach tábhachtach seo. Cuireann roinnt saineolaithe stíl ealaíne an leabhair i gcomparáid le breacadaíl, ó leanann líne amháin chuig líne eile i gcónaí! Bain leas as stíl an leabhair leis an mac tíre seo a dhathú isteach. An raibh fhios agat go mbíodh an mac tíre le sonrú ar fud na hÉireann? Rinneadh an t-ainmhí a dhíothú in Éirinn san 18ú haois toisc go mbíodh daoine á fhiach. Tá daoine ann a shíleann gur chóir an mac tíre a thabhairt isteach go hÉirinn arís.



# Dathú Isteach

